



**Coiste Eorpach
na Réigiún**

DO SHONRAÍ PEARSANTA A CHOSAINT

**Leis an ráiteas príobháideachais seo, cuirtear faisnéis ar fáil
maidir le próiseáil agus cosaint do shonraí pearsanta.**

Oibríocht phróiseála: Lónra Chomhairleoirí Áitiúla an Aontais Eorpaigh

Rialaitheoir Sonraí: An Coimisiún Eorpach agus Coiste Eorpach na Réigiún

Tagairt taifid: Le haghaidh an Choimisiúin Eorpaigh: DPR-EC-32988; le haghaidh Choiste Eorpach na Réigiún: RD I-1

Clár Ábhair

- 1. Réamhrá**
- 2. Cén fáth agus cén chaoi a ndéanaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil?**
- 3. Cad é an foras dlíthiúil (nó na forais dhlíthiúla) ar a ndéanaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil?**
- 4. Cé hiad na sonraí pearsanta a bhailímid agus a ndéanaimid tuilleadh próiseála orthu?**
- 5. Cá fhad a choimeádaimid do shonraí pearsanta?**
- 6. Cén chaoi a ndéanaimid do shonraí pearsanta a chosaint?**
- 7. Cé hiad na daoine a bhfuil rochtain acu ar do shonraí pearsanta agus cé hiad na daoine a nochtar na sonraí sin dóibh?**
- 8. Cad iad na cearta atá agat agus conas is féidir leat iad a fheidhmiú?**
- 9. Sonraí teagmhála**
- 10. Cá háit ar féidir tuilleadh faisnéise mionsonraithe a fháil?**

1. **Réamhrá**

Tá an Coimisiún Eorpach (dá ngairtear ‘an Coimisiún’ anseo feasta) agus Coiste Eorpach na Réigiún (dá ngairtear ‘CnaR’ anseo feasta) tiomanta do shonraí pearsanta a chosaint agus do phríobháideachtas a urramú. Bailíonn an Coimisiún sonraí pearsanta agus déanann sé tuilleadh próiseála orthu de bhun [Rialachán \(AE\) 2018/1725](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (dá ngairtear ‘RCSAE’ anseo feasta).

Leis an ráiteas príobháideachais seo, mínítear an chúis a bhaineann le próiseáil do shonraí pearsanta, an bealach a ndéanaimid na sonraí pearsanta uile a chuirtear ar fáil a bhailiú, a láimhseáil agus cosaint na sonraí sin a áirithiú, conas a úsáidtear an fhaisnéis sin agus cad iad na cearta atá agat maidir le do shonraí pearsanta. Sonraítear leis an ráiteas freisin sonraí teagmhála an Rialaitheora Sonraí atá freagrach lena bhféadfaidh tú do chearta a fheidhmiú, chomh maith le sonraí teagmhála an Oifigigh Cosanta Sonraí agus an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí.

D’fhéadfaí do shonraí pearsanta a bhailiú agus a phróiseáil le haghaidh an rialachais chomhpháirtigh agus na bainistíochta comhpháirtí ar Líonra Chomhairleoirí Áitiúla an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear ‘an Líonra’ anseo feasta). Is toradh é an Líonra ar chumasc dhá líonra a bhí ann a cheana, líonra an Choimisiúin darb ainm ‘*Building Europe with Local Councillors*’ [Ag Tógáil na hEorpa le Comhairleoirí Áitiúla] (dá ngairtear ‘BELC’ anseo feasta) agus líonra CnaR darb ainm ‘Líonra Eorpach na gComhairleoirí Réigiúnacha agus Áitiúla’ (dá ngairtear ‘líonra CnaR’ anseo feasta).

Tá an Coimisiún agus CnaR freagrach, mar rialaitheoirí comhpháirteacha, as do shonraí pearsanta a phróiseáil. Sainmhínítear a bhfreagrachtaí comhroinnte go mion sa Socrú maidir le Rialú Comhpháirteach (SRC).

Maidir leis an gCoimisiún, is í Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide, Aonad C.2, an tseirbhís atá freagrach (rialaitheoir tarmligthe).

Maidir le CnaR, is í Stiúrthóireacht D na Cumarsáide, Aonad DI, an tseirbhís atá freagrach (rialaitheoir tarmligthe).

2. **Cén fáth agus cén chaoi a ndéanaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil?**

Déanfaidh na rialaitheoirí comhpháirteacha do shonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhpháirt chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- próiseas cumaisc an dá líonra tosaigh a chur chun feidhme sa Líonra;
- a fhágáil gur féidir rialachas agus bainistíocht chomhpháirteach a dhéanamh ar an Líonra;
- próiseas iarratais na gcomhaltaí a bhainistiú i gcomhpháirt, is é sin chun iarratasóirí a chlárú ar an Líonra agus a mballraíocht a fhormheas trí iarratas aonair agus trí phróiseas ballraíochta;
- seirbhísí agus faisnéis a chur ar fáil do chomhaltaí an Líonra (e.g. cuireadh a thabhairt do chomhaltaí chuig cuairteanna tosaíochta, comhaltaí a chur ar an eolas faoi bheartais an Aontais, seimineáir ghréasáin fáiltithe agus oiliúint a chur ar fáil maidir le topaicí AE, rochtain ar bhosca

uirlisí cumarsáide, cúnamh a thabhairt do chomhaltaí maidir le rochtain iomlán ar na huirlisí agus na hardáin atá ar fáil);

- dul i dteagmháil le comhaltaí an Líonra agus cead a thabhairt do tháirgí insoláthartha atá ailínithe le fabhair comhaltaí (e.g. clár le haghaidh imeachtaí/cuairteanna staidéir/deiseanna líonraithe a dhearadh, nuacht maidir le topaicí AE a sheoladh);
- tacú le gníomhaíochtaí na gcomhaltaí féin ar na meáin shóisialta.

Ní úsáidfear do shonraí pearsanta le haghaidh cinnteoireacht uathoibrithe, lena n-áirítear próifíliú.

3. **Cad é an foras dlíthiúil (nó na forais dhlíthiúla) ar a ndéanaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil?**

Déanaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil, mar gheall ar an méid seo a leanas:

- is gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don institiúid nó don chomhlacht de chuid an Aontais;

Is é an bunús dlí maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil Airteagal 5.1.a de RCSAE, ar dá réir 'is gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don institiúid nó don chomhlacht de chuid an Aontais'.

Is í Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide, aonad C2 agus aonad DI de chuid CnaR, a dhéanann bainistiú ar an Líonra, faoin gComhaontú Riaracháin idir na Páirtithe arna shíniú an 12 Nollaig 2024. Cuireadh an Comhaontú Riaracháin i gcrích faoi chuimsiú an Phrótacail athbhreithnithe maidir le comhar idir an Coimisiún agus CnaR arna shíniú an 20 Márta 2024, go sonrach, caibidil V.

Is cúram é tacú le gníomhaíochtaí cumarsáide an tionscadail atá ann mar gheall ar shainphribhléidí an Choimisiúin ar an leibhéal idirnáisiúnta. Is gá próiseáil sonraí pearsanta atá nasctha leis an Líonra a dhéanamh chun an Coimisiún a bhainistiú agus a fheidhmiú, mar a shainordaítear leis na conarthaí, agus níos sonraí fós, le hAirteagal 13 CAE, agus i gcomhréir le hAirteagal 1 agus Airteagal 11 CAE.

Thairis sin, is é atá i gceist le Líonra Chomhairleoirí Áitiúla an Aontais Eorpaigh tionscadal suaitheanta de chuid an Aontais agus uirlis chun for-rochtain agus rannpháirteachas a uasmhéadú ar an leibhéal áitiúil, mar a leagtar amach i gclár oibre bliantúil 2025 de chuid Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide.

- tá toiliú tugtha ag an ábhar sonraí a shonraí pearsanta a phróiseáil chun críoch sonrach amháin nó níos mó;

Maidir le codanna áirithe den phróiseáil, tá toiliú tugtha ag ábhair sonraí i ndáil leis an méid seo a leanas:

- cumarsáid a fháil ón gCoimisiún agus ó CnaR tar éis dóibh a bheith ina gcomhaltaí den Líonra;
- comhaltaí eile den Líonra teagmháil a dhéanamh leo;
- a bheith le feiceáil ar léarscáil phoiblí an Líonra, agus sa rannán a dearadh chun gníomhaíochtaí na gcomhaltaí a chur chun cinn, rud atá le fáil ar shuíomh gréasáin an Líonra;

- freastal ar imeachtaí agus ar sheimineáir ghréasáin;
- grianghraif a ghlacadh uathu (grianghraif gar-amhairc) le linn imeachtaí nó seimineáir ghréasáin;
- litreacha nuachta, pláta agus preabmhairgí Lónra a fháil.

4. **Cé hiad na sonraí pearsanta a bhailímid agus a ndéanaimid tuilleadh próiseála orthu?**

Bailítear na catagóirí sonraí pearsanta seo a leanas agus tá siad riachtanach chun a bheith mar chomhalta den Lónra:

- Céadainm, sloinne;
- Inscne;
- Dáta breithe;
- Tír agus ceantar dá ndéantar ionadaíocht (cód poist san áireamh);
- Teideal (ina dteanga féin);
- Cleamhnacht le teaghlaigh pholaitiúla náisiúnta agus teaghlaigh pholaitiúla an Aontais;
- Dáta deiridh a sainordaithe mar ionadaithe tofa i rialtas, i bparlaimint nó i dtionól réigiúin, cathrach, baile, cúige, bardais nó sráidbhaile;
- Sonraí teagmhála (seoladh r-phost, uimhir theileafóin);
- Teanga(Teangacha);
- Topaicí AE ar ábhair spéise iad.

D'fhéadfaí sonraí pearsanta eile de chuid chomhaltaí an Lónra, amhail grianghraif gar-amhairc, a bhailiú bunaithe ar thoiliú an chomhalta. I gcás imeachtaí sonracha a eagraítear maidir leis an Lónra, cuirfear comhaltaí ar an eolas i ndáil leis an mbealach a ndéanfar a sonraí a phróiseáil trí ráitis phríobháideachais thiomanta.

Bailíonn an t-oifigeach idirchaidrimh na catagóirí sonraí pearsanta seo a leanas:

- Céadainm agus sloinne;
- Teideal poist;
- Sonraí teagmhála (seoladh r-phost, uimhir theileafóin);
- Teangacha.

5. **Cá fhad a choimeádaimid do shonraí pearsanta?**

Ní dhéanfaidh an Coimisiún ná CnaR sonraí pearsanta a choinneáil nó a phróiseáil níos faide ná mar is gá chun an phróiseáil a dhéanamh, mar a leagtar amach sa Ráiteas Príobháideachais seo.

I gcás ina scoireann duine de bheith ina chomhalta den Lónra (e.g. faoi dheireadh an tsainordaithe nó trína iarraidh a bheith scriosta ón Lónra), glacfaidh an Coimisiún, CnaR agus a gcuid próiseálaithe céimeanna réasúnaithe chun fáil réidh leis an bhfaisnéis ábhartha ón ardán idirghníomhach ar líne agus ón suíomh gréasáin gan moill mhíchuí agus laistigh de 1 mhí (amháin) tar éis fógra a fháil faoi dheireadh an tsainordaithe nó fógra ina n-iarrtar é a scriosadh ón Lónra.

Maidir le sonraí pearsanta teoranta, amhail ballraíocht (ainm, cineál/fad sainordaithe, cleamhneacht le teaghlaigh pholaitiúla náisiúnta agus teaghlaigh pholaitiúla an Aontais, tír agus údarás poiblí dá

ndéantar ionadaíocht) agus ábhar roghnaithe closamhairc, féadfar iad sin a aircíviú chun iad a chaomhnú go buan i mbunachar sonraí atá faoi úinéireacht na rialaitheoirí comhpháirteacha, chun críoch stairiúil agus ar mhaithe le leas an phobail chun stair agus oidhreacht chlosamhairc an Aontais Eorpaigh a dhoiciméadú, a chaomhnú agus a chur ar fáil, i gcomhréir le forálacha ábhartha RCSAE.

6. Cén chaoi a ndéanaimid do shonraí pearsanta a chosaint?

Déantar na sonraí pearsanta uile atá i bhformaid leictreonach a stóráil ar fhreastalaithe an Choimisiúin, CnaR agus a gcuid próiseálaithe. Déantar na hoibríochtaí próiseála uile de bhun Chinneadh (AE, Euratom) 2017/46 ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2017 maidir le slándáil na gcóras cumarsáide agus faisnéise sa Choimisiún Eorpach.

Tá próiseálaithe an Choimisiúin agus CnaR faoi cheangal clásal conarthach sonrach maidir le haon oibríocht próiseála a dhéantar ar shonraí pearsanta thar ceann an Choimisiúin agus CnaR, agus tá siad faoi cheangal oibleagáidí rúndachta a eascraíonn as Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (RGCS).

Tá roinnt beart teicniúil agus eagraíochtúil curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún agus CnaR chun do shonraí pearsanta a chosaint. Áirítear le bearta teicniúla gníomhaíochtaí iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar shlándáil ar líne, ar an riosca a bhaineann le cailliúint sonraí, ar athrú sonraí nó rochtain neamhúdaraith orthu, agus an riosca a bhaineann le próiseáil na sonraí pearsanta agus cineál na sonraí pearsanta atá á bpróiseáil á chur san áireamh. Áirítear le bearta eagraíochtúla rochtain ar shonraí pearsanta a theorannú do dhaoine údaraith ar gá dóibh a bheith ar an eolas go dlisteanach chun críocha na hoibríochta próiseála sin agus iad siúd amháin.

7. Cé hiad na daoine a bhfuil rochtain acu ar do shonraí pearsanta agus cé hiad na daoine a nochtar na sonraí sin dóibh?

Déantar rochtain ar do shonraí pearsanta a chur ar fáil don Choimisiún, don chonraitheoir a shanntar don tionscadal, d'fhoireann CnaR atá freagrach as an oibríocht phróiseála sin a dhéanamh agus d'fhoireann údaraith de réir an phrionsabail 'ar bhonn riachtanais eolais'. Áirítear leis sin baill foirne Ionadaíochtaí an Choimisiúin agus grúpaí polaitiúla CnaR chun an t-iarratas ar bhallraíocht sa Lónra a bhailíochtú agus ar mhaithe le gníomhaíochtaí a bhaineann le cumarsáid. Cloíonn baill foirne den sórt sin le comhaontuithe rúndachta reachtúla, agus nuair is gá, le comhaontuithe rúndachta breise.

Seo iad a leanas na próiseálaithe a bhfuil rochtain acu ar na sonraí pearsanta:

- Thar ceann an Choimisiúin: NETCOMPANY – INTRASOFT S.A.
- Thar ceann CnaR: Microsoft

Seo iad a leanas na sonraí pearsanta atá ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin an Lónra agus atá inrochtana do chomhaltaí an Lónra ar an ardán líonraithe ar líne: céadainm, sloinne, tír, réigiún agus údarás áitiúil.

Ina theannta sin, tá rochtain ag ionaid EUROPE DIRECT ar liosta na seoltaí, agus ar na comhaid pháipéir agus leictreonacha a bhféadfadh sonraí pearsanta chomhaltaí an Lónra a bheith san

áireamh iontu, ar doiciméid iad atá le cur le chéile ‘ar bhonn riachtanais eolais’ ag Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide, ag Ionadaíocht an Choimisiúin agus ag an gconraitheoir.

Ní aistrítear do shonraí pearsanta chuig tríú tír ná chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta.

8. **Cad iad na cearta atá agat agus conas is féidir leat iad a fheidhmiú?**

Tá cearta sonracha agat mar ábhar sonraí faoi Chaibidil III (Airteagail 14-25) de RCSAE. Maidir leis an oibríocht phróiseála sin, is féidir na cearta seo a leanas a fheidhmiú:

- an ceart chun rochtain a fháil ar do shonraí pearsanta (Airteagal 17 RCSAE);
- an ceart go ndéanfaí ceartúcháin i gcás ina bhfuil do shonraí míchruinn nó neamhiomlán (Airteagal 18 RCSAE);
- an ceart go ndéanfaí léirsciosadh ar do shonraí pearsanta (Airteagal 19 RCSAE);
- i gcás inarb infheidhme, an ceart chun próiseáil do shonraí pearsanta a shrianadh (Airteagal 20 RCSAE);
- an ceart chun iniomparthachta sonraí (Airteagal 22 RCSAE);
- an ceart chun agóid a dhéanamh in aghaidh phróiseáil do shonraí pearsanta, rud a dhéantar go dleathach de bhun Airteagal 5(1)(a).

Is féidir do thoiliú a tharraingt siar freisin tráth ar bith trína chur in iúl do na Rialaitheoirí Sonraí. Leis an tarraingt siar, ní dhéanfar difear do dhleathacht na próiseála a rinneadh sula ndéanann tú an toiliú a tharraingt siar.

Is féidir do chearta a fheidhmiú trí theagmháil a dhéanamh leis na Rialaitheoirí Sonraí, nó i gcás coinbhleachta, lena nOifigigh Cosanta Sonraí. I gcás inar gá, is féidir leat dul i dteagmháil leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí freisin. Tugtar sonraí teagmhála an Mhaoirseora faoi Cheannteideal 9 thíos.

I gcás inar mian leat do chearta a fheidhmiú i gcomhthéacs oibríochta próiseála sonraí amháin nó níos mó, tabhair tuairisc orthu (i.e. a dTagairt(i) taifid mar a shonraítear faoi Cheannteideal 10 thíos) i d'iarratas.

9. **Sonraí teagmhála**

- Na Rialaitheoirí Sonraí

Más mian leat do chearta a fheidhmiú faoi RCSAE, nó má tá barúlacha, ceistanna nó ábhair imní agat, nó más mian leat gearán a chur isteach maidir le bailiú agus úsáid do shonraí pearsanta, déan teagmháil leis na Rialaitheoirí Sonraí:

- Thar ceann an Choimisiúin: Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide, Aonad C.2 (COMM-C2@ec.europa.eu)
- Thar ceann CnaR: Stiúrthóireacht D na Cumarsáide, Aonad DI (EU-Councillors@cor.europa.eu)

- Na hOifigigh Cosanta Sonraí (OCS)

Is féidir teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Cosanta Sonraí an Choimisiúin (DATA-PROTECTION-OFFICER@ec.europa.eu) nó Oifigeach Cosanta Sonraí CnaR (data.protection@cor.europa.eu) maidir le saincheistanna a bhaineann le próiseáil do shonraí pearsanta faoi RCSAE.

- **An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS)**

Tá sé de cheart agat dul ar iontaoibh (i.e. is féidir gearán a chur faoi bhráid) an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (edps@edps.europa.eu), má mheasann tú gur sáraíodh do chearta faoi RCSAE mar thoradh ar an bpróiseáil a rinne an Rialaitheoir Sonraí ar do shonraí pearsanta.

10. **Cá háit ar féidir faisnéis mhionsonraithe a fháil?**

Foilsíonn Oifigeach Cosanta Sonraí an Choimisiúin (OCS) clár de na hoibríochtaí próiseála uile maidir le sonraí pearsanta a dhéanann an Coimisiún a doiciméadaíodh agus a tuairiscíodh don Oifigeach. Is féidir rochtain a fháil ar an gclár ag an nasc seo a leanas: <http://ec.europa.eu/dpo-register>.

Cuireadh an oibríocht shonrach phróiseála sin san áireamh i gclár poiblí an OCS chomh maith le Tagairt an taifid seo a leanas: DPR-EC-32988

CnaR: OCS-RD-I-1
